An Coimisiún um Achomhairc Chánach
Tax Appeals Commission

# PRÓTACAL TUAIRISCITHE LEANAÍ AR dTÚS
# LÚNASA 2020

**FOILSITHE:** 12 LÚNASA 2020

## ÁBHAIR

**1. RÉAMHRÁ** .......... 3

**2. FREAGRACHTAÍ MAIDIR LE TUAIRISCIÚ** .......... 3

AN DUINE ATÁ AG TUAIRISCIÚ CúIS IMNÍ .......... 3

Duine Idirchaidrimh ainmnithe .......... 4

**3. TUAIRISCIÚ SEACHTRACH** .......... 5

**4. RÚNDACHT AGUS COIMEÁD TAIFEAD** .......... 5

**5. OILIÚINT AGUS TACAÍOCHTAÍ** .......... 5

**AGUISÍN 1: SREABHCHAIRT TUAIRISCITHE MAIDIR LE TÚS ÁITE DO LEANAÍ** .......... 7

**AGUISÍN 2: FOIRM TUAIRISCITHE MAIDIR LE TÚS ÁITE DO LEANAÍ** .......... 8

## 1. RÉAMHRÁ

Ullmhaítear Prótacal Tuairiscithe Thús Áite do Leanaí i gcomhréir le hAlt 27 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus baineann sé leis An gCoimisiúin Achomhairc Chánach (TAC). Tugtar cuntas sa Phrótacal ar na nósanna imeachta atá ann lena chinntiú go gcloíonn an Roinn le forálacha an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus leis an treoir a eisíodh faoi Alt 6 den Acht sin.

Ba cheart an Prótacal seo a léamh i gcomhar le Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Plean Forfheidhmithe Earnála an TAC. Seo doiciméad beo agus tabharfar chun dáta é tar éis athruithe i nósanna imeachta an TAC agus ar aon dul le hathruithe ar an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus ar an Treoir.

## 2. FREAGRACHTAÍ MAIDIR LE TUAIRISCIÚ

### AN DUINE ATÁ AG TUAIRISCIÚ CÚIS IMNÍ

Leagtar amach na riachtanais maidir le tuairisciú sa reachtaíocht agus sa treoir um Thús Áite do Leanaí. Tá gach ball foirne (lena n-áirítear daltaí ar shocrúchán oibre nó ar thaithí oibre) freagrach as leanaí agus daoine óga a chosaint agus aon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith acu a thuairisciú ar mhaithe le cosaint nó le leas linbh/duine óig.

Is cuma cén chaoi a bhfaigheann ball foirne amach faoin gcúis imní, ní mór tuairisc a thabhairt ina leith do Theagmhálaí Ainmnithe na Roinne nó don Leas-Teagmhálaí Ainmnithe mura bhfuil sé/sí i láthair. Ba cheart don duine a bhíonn ag tuairisciú cúis imní tuairisc a chomhlánú ansin le sonraí na himní. Má bhaineann ábhar imní leis an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, ba cheart tuairisc a thabhairt ina leith do bhainisteoir an AD. *Féach na hAguisíní le haghaidh an tsreabhchláir tuairiscithe agus na Foirme Tuairiscithe*.

Coinneoidh gach duine a bheidh bainteach leis an bpróiseas gach rud faoi rún ag gach leibhéal cuí rúndachta.

Tabhair ar aird maidir leis an duine a bheidh ag tuairisciú cúis imní faoi dhuine eile don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, nach mbeidh de thoradh ar aon ghníomh dlíthiúil nó pionós á ghlacadh ag an Roinn i gcoinne an duine atá ag tuairisciú cúis imní, i gcás ina ndéantar an tuairisc de mheon maith. Féadfar na nósanna imeachta tuairiscithe i mBeartas um Nochtadh Cosantach na Roinne a chur i bhfeidhm freisin.

## DUINE IDIRCHAIDRIMH AINMNITHE

Is é an ról atá ag an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ná cúis imní maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí a fháil ón bhfoireann, agus cúiseanna imní a thuairisciú, a chomhlíonann an tairseach maidir le 'forais réasúnacha i gcomhair imní' do Tusla. Sainítear in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* cad is brí leis sin.

Ní mór gníomh a dhéanamh nuair a cheaptar go bhfuil baol láithreach ann don leanbh. Má luann an duine atá ag déanamh tuairisce faoin gcúis imní go mbaineann sé leis an áit oibre, ní mór céimeanna cuí a ghlacadh i gcomhréir le beartais agus nósanna imeachta an TAC lena n-áirítear na nósanna imeachta um chosaint leanaí.

Cinnfidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, i gcomhairle leis an duine a thug an tuairisc, má tá forais réasúnacha ann i gcomhair cúis imní. Féadfaidh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe dul i gcomhairle go neamhfhoirmiúil le Tusla chun comhairle agus treoir a lorg nuair nach bhfuil sé/sí nó an ball foirne cinnte faoi cé acu ba chóir nó nár chóir tuairisc a dhéanamh. Mura bhfuil an Duine Ainmnithe nó an Leas-Duine Ainmnithe cinnte faoi cé acu atá cúis imní ann nó nach bhfuil, bunaithe ar fhorais réasúnacha, ba cheart dó nó di tuairisc a thabhairt do na húdaráis maidir leis an gcúis imní. Má tá forais réasúnacha i gcomhair cúis imní ann, tabharfaidh an teagmhálaí ainmnithe tuairisc maidir leis an gcúis imní do Tusla.

Má chinneann an teagmhálaí ainmnithe gan tuairisc a thabhairt, breacfaidh sé nó sí síos na cúiseanna atá leis sin, breacfaidh siad síos cé na gníomhartha a rinneadh, agus tabharfaidh sé nó sí míniúchán soiléir i scríbhinn don té a thug tuairisc faoin gcúis imní de na cúiseanna nach bhfuil tuairisc á thabhairt do na húdaráis ábhartha maidir leis an gcúis imní. Tá an ball foirne a bhfuil cúis imní réasúnach aige nó aici i dteideal tuairisc a thabhairt do Tusla faoi *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí*, más mian leo sin a dhéanamh. Tá cosaintí ag an duine atá ag tuairisciú na cúise imní faoin *Acht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998*, i gcás ina dtugann sé nó sí tuairisc as a stuaim féin.

Cibé uair is iomchuí, ba cheart don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe aon ábhar imní a sheiceáil le tuismitheoirí/caomhnóirí nuair a bhíonn sé nó sí ag smaoineamh an bhfuil cúis imní ann, mura gcuirtear an leanbh nó an duine atá ag smaoineamh ar thuairisc a thabhairt i dtuilleadh contúirte trína dhéanamh.

## 3. TUAIRISCIÚ SEACHTRACH

Tá an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe freagrach as an bhFoirm um Chosaint agus Leas Leanaí nó an Fhoirm um Thuairisc Chúlghabhálach ar líne nó i bhfoirm cruachóipe a chomhlánú agus í a chur ar aghaidh chuig Tusla. Ba cheart tuairiscí a dhéanamh le Tusla láithreach. Tá an fhoirm agus an uirlis tuairiscithe ar líne ar fáil ar shuíomh gréasáin Tusla, https://www.tusla.ie/.

Ní mór don Teagmhálaí Ainmnithe smaoineamh ar a c(h)uid freagrachtaí freisin faoin Acht um *Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád Siar), 2012*, agus tá siad sin anuas ar aon cheanglais tuairiscithe faoin *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015* nó *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí.*

## 4. RÚNDACHT AGUS COIMEÁD TAIFEAD

Tá sé de dhualgas ar an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe na sonraí maidir leis an gcúis imní, an cinneadh agus na gníomhartha a glacadh a bhreacadh síos. Coimeádfar na sonraí sin ar bhealach rúnda agus slán i Rannán Acmhainní Daonna na Roinne. Ní bheidh rochtain ach ag na Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe amháin ar na taifid sin. Tá sé de chúram orthu athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar na taifid sin, toisc go bhféadfadh cúiseanna imní, nach sásaíonn forais réasúnacha i gcomhair imní ar an gcéad dul síos, ach ar iad a athbhreithniú, patrúin nó cnuasaigh a léiriú a d’fhéadfadh an leibhéal imní a ardú. Roinnfear na taifid le Tusla nó leis an nGarda Síochána nuair is gá ar mhaithe le cosaint nó leas an linbh.


## 5. OILIÚINT AGUS TACAÍOCHTAÍ

Gheobhaidh gach DLP agus baill foirne ábhartha eile oiliúint maidir le cur i bhfeidhm an Achta agus Treoracha um Thús Áite do Leanaí. Áireofar leis seo an ceanglas go gcaithfidh siad Clár R-fhoghlama um Thús Áite do Leanaí de chuid Tusla a chomhlánú. I gcásanna ina bhfuil tuairisc déanta, cuirfear an duine a thabharfaidh tuairisc ar chúis imní ar aghaidh chuig Seirbhís Chúnaimh d’Fhostaithe na Státseirbhíse i gcomhair tacaíochta.

Úsáidfidh an Roinn foilsiú a Ráitis um Chumhdach Leanaí mar an gcéad chéim chun feasacht a ardú i measc na foirne maidir le: (i) cé hé nó hí an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, (ii) na nósanna imeachta ba cheart dóibh a leanúint i gcás go bhfuil cúis imní acu faoi fhéinleas leanaí, lena n-idirghníomhaíonn siad chun seirbhísí na Roinne a sholáthar, agus (iii) na hoibleagáidí atá orthu na cúiseanna imní sin a thuairisciú.

Leanfaidh an Roinn de shainaithint agus d'fhorbairt tionscnamh ionduchtúcháin agus oiliúna ábhartha atá oiriúnach agus comhréireach le cineál agus le leibhéal idirghníomhú na Roinne le leanaí.

## AGUISÍN 1: SREABHCHAIRT TUAIRISCITHE MAIDIR LE TÚS ÁITE DO LEANAÍ



## AGUISÍN 2: FOIRM TUAIRISCITHE MAIDIR LE TÚS ÁITE DO LEANAÍ

| **Tuairisc maidir le Tús Áite do Leanaí** | | |
|---|---|---|
| Ainm an Oifigigh Tuairiscithe | | |
| Ainm an Linbh | | |
| Dáta agus Sonraí maidir leis an gCúis Imní | | |
| Cuir tic (✓) leis an duine ar tugadh tuairisc na cúise imní dó/di | Teagmhálaí Ainmnithe | |
| | Leas-Teagmhálaí Ainmnithe | |
| | Eile (sonraigh cén fáth) | |
| Dáta ar cuireadh an tuairisc isteach | | |